

21 Bainistiú cúitimh as scor den bhaint móna

21.1 Trasuíodh Treoir an AE maidir le Gnáthóga, 1992 (an Treoir), i ndlí na hÉireann in 1997. Faoin Treoir, tá ceanglas dlíthiúil ar an Stát portaigh ardaithe a chosaint, lena n-áirítear trí shrianta a chur ar bhaint móna ar phortaigh ardaithe ghníomhacha atá ainmnithe mar limistéir chaomhantais speisialta (LCSanna).¹ San iomlán, ainmníodh 139 portach ardaithe lena gcosaint, i 53 LCS. Ina theannta sin, ainmníodh 75 portach ardaithe mar limistéir oidhreacht nádúrtha (LONanna) lena gcosaint faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000.² Clúdaíonn an líonra reatha de phortaigh ardaithe ainmnithe achar beagán faoi bhun 18,000 heicteár.

21.2 Chomh maith leis na srianta ar bhaint móna, is é an sprioc náisiúnta caomhantais maidir le portaigh ardaithe ghníomhacha achar iomlán 3,600 heicteár díobh a athchóiriú nó a chothabháil ar fud líonra na bportach ardaithe gníomhach laistigh de LCSanna agus LONanna.

21.3 Is ábhar conspóideach iad na srianta ar bhaint móna, i bhfianaise an cheangail láidir áitiúil agus phearsanta atá ag daoine le móin a bhaint ar chúiseanna amhail traidisiún teaghlaigh, an gá atá le téamh tí ar chostas réasúnta, agus na tairbhí sóisialta nó tráchtála a bhaineann leis.

21.4 In 1999, thug an Stát maolú deich mbliana a lig do bhaint móna leanúint ar aghaidh ar LCSanna ainmnithe áirithe. Chuir sé sin isteach ar chomhlíonadh an Stáit maidir leis an Treoir maidir le Gnáthóga. In 2011, thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí um shárú i gcoinne na hÉireann maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na Treorach maidir le Gnáthóga. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an cás ina haghaidh.

21.5 In 2011, bhunaigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an scéim cúitimh as scor den bhaint móna (an scéim). Is leis an scéim neamhreachtúil dheonach sin a thugtar cúiteamh d'úinéirí talún agus do shealbhóirí móinchirt ar chuir na srianta ar bhaint móna ar an 53 LCS isteach orthu.³ In 2014, leathnaíodh an scéim chun 36 de na 75 portach in LONanna a chuimsiú (féach [larscríbhinn 21A](#)). Leagtar amach an cúlra a bhaineann le tabhairt isteach na scéime i larscríbhinn 1B.

21.6 I mí Mheán Fómhair 2020, aistríodh freagracht as an scéim chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Roinn). Is é aonad laistigh den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) a riarann an scéim.⁴

21.7 I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhógair an Roinn go ndúnfaí an scéim d'iaratasóirí nua, ach go mbeifí ag glacadh le hiarratais go fóill go dtí an Meitheamh 2025.⁵ Faoi dheireadh 2025, ba é €84 milliún an caiteachas carnach ar an scéim beagnach, a íocadh le thart ar 3,300 tairbhí.

1 Is limistéir den chéad scoth iad limistéir chaomhantais speisialta chun fiadhúlra a chaomhnú, agus tá siad ainmnithe faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga.

2 Faoin [Acht um Fhiadhúlra \(Leasú\), 2000](#), sainmhínítear limistéir oidhreacht nádúrtha mar limistéir ar fiú é a chaomhnú ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas: speiceas, pobail, gnáthóga nó tírghnéithe nó gnéithe geolaíocha nó geomoirfeolaíocha; nó le haghaidh éagsúlacht a thréithe nádúrtha.

3 Is teidlíocht dhlíthiúil é móincheart trínar féidir le duine móin a bhaint as portach ar le duine eile é lena húsáid mar bhreosla tí nó le haghaidh úsáid phearsanta eile.

4 Feidhmíonn an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh den Roinn.

5 I roinnt cásanna eisceachtúla, leanann an Roinn de bheith ag glacadh le hiarratais ó dhaoine a bhí páirteach cheana sa phróiseas iarratais, ar feitheamh iarratas foirmiúil.

- 21.8** Díríonn Sprioc 15 (SFI 15) de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ar éiceachórais a chosaint, a athchóiriú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe. Tá Sprioc 15 ábhartha go díreach do phortaigh ardaithe na hÉireann, mar cuireann sí caomhnú agus athchóiriú éiceachóras tailte móna chun cinn d'fhonn stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus cuireann sí le stádas caomhantais a bhaint amach. Tá an Roinn freagrach as spriocanna agus táscairí náisiúnta a leagan síos, faoi threoir an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023–2030.⁶

Fócas an scrúdaithe


- 21.9** Rinneadh an t-imscrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas
- na rialuithe atá i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar critéir incháilitheachta na scéime;
 - an chaoi a ndeimhníonn an Roinn go gcloítear le coinníollacha leanúnacha na scéime, .i. an bhfuil na tairbhíthe nach mór dóibh scor go buan den bhaint móna tar éis é sin a dhéanamh; agus
 - an chaoi a ndéanann an Roinn meastóireacht ar éifeachtacht na scéime maidir lena cuspóirí a bhaint amach.
- 21.10** Chuir an fhoireann scrúdúcháin agallamh ar bhaill foirne na Roinne, rinne siad athbhreithniú ar raon doiciméad, thug siad cuairt ar roinnt portach a thagann faoi raon feidhme na scéime agus rinne siad athbhreithniú ar shampla d'focaíochtaí cúitimh faoin scéim.

Incháilitheacht faoin scéim

- 21.11** Tugadh an scéim isteach i dtrí thráinse de réir mar a tháinig portaigh ainmnithe bhreise chun bheith incháilithe do chúiteamh. Bhí dhá thráinse de phortaigh i Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna), a thagann faoi raon feidhme na Treorach, agus tráinse amháin de phortaigh i Limistéir Oidhreachtá Nádúrtha (LONanna), a thagann faoi raon feidhme na reachtaíochta náisiúnta, i gceist leis sin. Léirítear i Fíor 21.1 príomhchritéir na scéime agus na dátaí ábhartha do gach tráinse.

⁶ Déantar spriocanna domhanda maidir le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta, éiceachórais a chosaint agus talamh díghrádaithe a athchóiriú a aistriú go gníomhaíochtaí náisiúnta sa [Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030](#).

Fíor 21.1 Tréimhse cháilitheach agus dátaí ábhartha



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Ba é 55 líon na LCSanna ar phortaigh ardaithe a raibh srianta ar bhaint móna i bhfeidhm orthu ar dtús, ach baineadh dhá láithreán den liosta tar éis athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar theorainneacha na láithreán agus ar ainmniúcháin chaomhantais.
 - b Tar éis portaigh ardaithe a ainmniú mar LONanna in 2014, ceadaíodh go leanfaí le baint móna go dtí an 31 Nollaig 2016 faoi mhaolú trí bliana, faoi réir toiliú aonair ón Aire.
 - c Is é sin an dáta faoina raibh ar iarratasóirí teideal dlíthiúil nó leas dlíthiúil a bheith acu sa cheapach ábhartha.

21.12 Bhí ar iarratasóirí na trí phríomhchritéar a chomhlíonadh. Ba iad seo a leanas na critéir sin

- ceart dlíthiúil chun móin a bhaint a bheith acu ar an dáta cáilitheach
- móin a bheith bainte acu go gníomhach le linn na tréimhse cáilithe
- scor den bhaint móna tar éis an dáta scoir.

Leagtar amach forléargas ar na foinsí fíoraithe a úsáideann an Roinn chun comhlíonadh a dheimhniú i larscríbhinn 1C.

Cruthúnas ar an gceart chun móin a bhaint

7 Is mionnscribhinn toilithe í mionnscribhinn ó úinéir an phortaigh ina ndearbhaítear go raibh móinchearta ag an iarratasóir ar an bportach. Is mionnscribhinn saintreorach í mionnscribhinn ón iarratasóir ina ndearbhaítear go bhfuil ceart úinéireachta nó ceart móna aige nó aici. As an 43% de thairbhith a bhí ag brath ar mhionnscribhinn, bhain 52% díobh le cearta saintreoracha, bhain 23% le toiliú agus níor taifeadh cineál na mionnscribhinn don 25% eile.

21.13 I gcásanna nach féidir leis an Roinn cruthúnas ar theideal a fháil ó ionstraimí nó taifid dhlíthiúla atá ann cheana, thug sí rogha d'iarratasóirí mionnscribhinn a shíniú lena ndeimhnítear go bhfuil leas dlíthiúil nó móincheart acu i leith an phortaigh.

21.14 Dúirt an Roinn go raibh sé casta úinéireacht nó móincheart i leith portach a chruthú i mblianta tosaigh na scéime. In 2013, fuair an Roinn comhairle dlí maidir le roghanna eile chun teideal a chruthú i gcásanna a raibh sé deacair úinéireacht a chruthú. Leagadh amach sa chomhairle go bhféadfadh an Roinn glacadh le mionnscribhinn faoi mhionn mar fhianaise ar an leas dlíthiúil.⁷ Tugadh faoi deara sa chomhairle dlí nach gcuireann an cur chuige sin deireadh iomlán leis an mbaol go ndéanfaí éilimh bhréagacha.

21.15 Faoi mí Aibreáin 2026, bhí 43% de na tairbhith uile cáilithe don scéim ar bhonn mionnscribhinn.⁸ Dúirt an Roinn nach raibh sí ar an eolas faoi aon chás inar tugadh ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha.

8 Bhí sé chás ann a bhain le mionnscribhinn maidir le seilbh chodarsnach le linn shaolré na scéime.

Féindearbhú

- 21.16** I mí na Nollag 2011, chinn an Roinn íocaíochtaí eatramhacha suas le €1,500 a dhéanamh le thart ar 650 iarratasóir sular fhóraigh sí a n-éilimh go hiomlán. Dúirt an Roinn gur chun cúiteamh a chur ar fáil do bhainteoirí móna go tráthúil a rinne sí amhlaidh.
- 21.17** In 2017, rinne an Roinn seiceálacha fíoraithe siarghabhálacha. Fuarthas amach nár chomhlíon tríocha a trí iarratasóir (5%) critéir na scéime, tar éis íocaíocht a fháil i leith ceapacha portaigh a bhí lasmuigh de theorainneacha LCS nó LON ainmnithe. I roinnt cásanna, íocadh níos mó ná íocaíocht bhliantúil amháin sular dheimhnigh an Roinn nach raibh an cheapach portaigh lena bhain an t-éileamh incháilithe. Measadh gurbh ionann méid iomlán na n-íocaíochtaí neamhrialta agus €75,800.
- 21.18** In 2018, d'fhéach an Roinn leis na ró-íocaíochtaí a aisghabháil. D'aisghabh sí €6,800 ó chúigear iarratasóirí.
- 21.19** I mí an Mheithimh 2018, chinn an Roinn gan leanúint leis na ró-íocaíochtaí eile dar €69,000 a aisghabháil, mar gheall ar an méid ama agus acmhainní suntasacha is dócha a bheadh ag teastáil agus an dóchúlacht íseal go n-aisghabhfaí iad. Níor cheadaigh an Roinn díscríobh na ró-íocaíochtaí go foirmiúil, cé gur ullmhaíodh togra lena ndíscríobh. Dúirt an Roinn go bhfuil an cinneadh iarrachtaí aisghabhála a chur ar fionraí fós faoi athbhreithniú tréimhsiúil.

Comhaontuithe dlíthiúla

- 21.20** Éilítear faoi ghnáthphróiseas na scéime go síneofaí comhaontú dlíthiúil idir an t-iarratasóir agus an tAire atá freagrach as Oidhreacht sula n-íocfar cúiteamh. Leagtar amach sa chomhaontú oibleagáidí gach páirtí agus tugtar an ceart don Roinn chun oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar an bportach. Foráiltear sa chomhaontú freisin go leasófaí an fóilió cuí i gClárlann na Talún chun tagairt don chomhaontú a chur ann.
- 21.21** Mar chuid den scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar shampla de 30 íocaíocht a rinneadh le 30 tairbhí thar na blianta 2011 go 2025. Ní raibh an Roinn in ann comhaontuithe dlíthiúla a sholáthar i sé chás, nó 20% den sampla.

Bainteoirí móna neamhgníomhacha

- 21.22** Ceann de na trí chritéar cáilitheacha ba ea go raibh móin bainte ag an iarratasóir ar an gceapach shonraithe lena húsáid mar bhreosla tí le linn na tréimhse cáilithe cúig bliana roimhe sin. Dá bhrí sin, bhí úinéirí ceapaí nó sealbhóirí móincheart nár bhain móin go gníomhach eisiata ón scéim. Níor glacadh isteach sa scéim ach le hiarratasóirí a raibh móin bainte acu go hiarbhír ar phortach ainmnithe.

Athbhreithniú inmheánach na Roinne

- 21.23** I mí Lúnasa 2025, rinne an Roinn athbhreithniú inmheánach ar cheann de na portaigh a bhí san áireamh sa scéim. Áiríodh san athbhreithniú measúnú ar na critéir incháilitheachta agus ar an doiciméadacht dhlíthiúil a fuarthas. Moladh i dtuarascáil an athbhreithnithe:
- seiceálacha ar an láthair a thabhairt isteach, a dhéanadh oifigigh seachas iad siúd a sannadh don phortach áirithe, chun sláine an phróisis iarratais a mheas
 - feabhas a chur ar choimeád taifead maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta agus formheasa críochnaitheach.
- 21.24** Rinne Iniúchóireacht Inmheánach na Roinne moltaí comhchosúla maidir le coimeád taifead sna hathbhreithnithe a rinne sí ar an scéim in 2015, 2016 agus 2018.
- 21.25** Léirigh torthaí an athbhreithnithe laigí sa phróiseas iarratais agus cinnteoireachta maidir le héilimh a bhain leis an bportach a ndearnadh athbhreithniú air. Dúirt an Roinn gur nuashonraíodh nósanna imeachta caighdeánacha oibríochta na scéime go luath i mí Lúnasa 2026 chun moltaí an athbhreithnithe a chur san áireamh, agus gur cuireadh tús le seiceálacha ar an láthair go luath i mí Mheán Fómhair 2026.

Comhlíonadh na scéime

- 21.26** Is é príomhchuspóir na scéime cúiteamh a thabhairt dóibh siúd ar chuir na srianta ar bhaint móna ar phortaigh ainmnithe faoi chosaint isteach orthu, chun oibleagáidí dlíthiúla an Stáit a chomhlíonadh. Braitheann éifeachtacht na scéime ar chumas na Roinne a bheith deimhin de gur scoireadh den bhaint móna
- faoin dáta is infheidhme, agus
 - nár tosaíodh í arís ina dhiaidh sin.
- 21.27** Tá roinnt bealaí ag an Roinn lena sheiceáil gur scoireadh den bhaint móna agus nár tosaíodh í arís.


Bogviewer

- 21.28** Uirlis léarscáilithe de chuid Córas Faisnéise Geografaí (GIS) is ea 'Bogviewer', a d'fhorbair an Roinn agus a úsáideann bunléarscáileanna arna soláthar ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Taispeánann na léarscáileanna in Bogviewer suíomh éadan bainte na móna ar an bportach in 1995, 2005 agus 2012, agus is féidir na trí thréimhse sin a chur i gcomparáid le chéile lena mheas ar baineadh móin den phortach le linn na tréimhse incháilitheachta agus/nó an bhfuil an móincheart ídithe.^{9,10}
- 21.29** Tugtar sampla i Fíor 21.2 de dhá léarscáil de phortach na hArdghráige i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear an léarscáil ó Bogviewer. Measann an Roinn gur scoireadh den bhaint móna ar 85% de na portaigh ardaithe spriocdhíríte agus ar LCSanna.


9 Is é éadan bainte na móna imeall gníomhach an phortaigh ina bhfuil móin á baint faoi láthair.

10 Iarrtar fianaise eile, amhail admhálacha ó chonraitheoirí, más gá.

Fíor 21.2 Léarscáileanna de phortach na hArdghráige, Gaillimh



Léarscáil den Ardghráig e ó Bogviewer



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

Liostaí rabhadh

11 Bhí an t-aonad forfheidhmithe ina fheidhm chomhordúcháin laistigh den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), agus é ag déileáil le hábhair choiteanna forfheidhmithe. In 2016, scaipeadh na gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar fud SPNF agus na bainistíochta réigiúnaí ina ionad sin. In 2022, aistríodh an fheidhm chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Fiadhúlra agus Cosaint an Dúlra, a bhí nuabhunaithe.

- 21.30** Tá sé i gceist ainm aon duine a bhain móin go neamhdhleathach ar cheapach ar phortach ainmnithe ó dháta scoir na bainte móna a chur ar liosta rabhadh. Tiomsaíonn an SPNF na liostaí sin ar bhonn fianaise gur baineadh móin, a fhaightear, mar shampla, trí chigireachtaí ón aer nó ar an talamh. Is é an úsáid atá beartaithe do na liostaí cosc a chur ar an Roinn íocaíochtaí a dhéanamh le daoine a aithnítear go bhfuil siad fós ag baint móna. Ar dtús, ba é aonad forfheidhmithe SPNF a d'ullmhaigh na liostaí.¹¹

- 21.31** Ní bhíonn liostaí ar fáil do gach bliain, áfach. Níl aon liostaí rabhadh ann do na blianta 2017 go 2022. Is do 2024 an liosta rabhadh is déanaí atá ar fáil. Ina theannta sin, níl liostaí rabhadh ar fáil ach do LCSanna agus ní do LONanna, toisc go measann an Roinn gur tosaíocht iad na LCSanna.¹² Dúirt an Roinn go ndearnadh monatóireacht agus faireachas rialta le linn na tréimhse agus gur thionscain an Roinn ionchúisimh, agus gur tuairiscíodh an méid sin freisin don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Radhairc ón aer

- 21.32** Fostaíonn an Roinn conraitheoir chun eitilt thar liosta láithreán uair sa bhliain le bail na bportach a bhreathnú.¹³ Glactar grianghraif den láithreán iomlán agus déanann Oifigigh Chaomhantais Cheantair SPNF anailís ar íomhánna de gach ceapach ar baineadh móin inti. Nuair a léirítear go bhfuil móin á baint go gníomhach, cuireann an maor atá freagrach as an bportach na grianghraif a tógadh le linn na heitilte i gcomparáid le grianghraif roimhe sin den láithreán céanna.

- 21.33** Tacaítear leis na radhairc ón aer trí mhonatóireacht a dhéanann an Roinn ar an talamh, ar bhonn riosca. Mar sin féin, mar gheall ar an easpa rochtana a d'eascair as cur i gcoinne na srianta ar bhaint móna ar phortaigh áirithe, cruthaíodh deacrachtaí don Roinn agus í i mbun monatóireachta.

- 21.34** Mar chuid den scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar shampla de 30 íocaíocht ó na blianta 2011 go 2025 chun measúnú a dhéanamh ar na rialuithe a bhí i bhfeidhm lena sheiceáil nár tosaíodh ag baint móna arís. As an 30 íocaíocht a ndearnadh athbhreithniú orthu, ní raibh fianaise ar aon seiceálacha chun a chinntiú gur scoireadh den bhaint móna i seacht gcinn (23%) de na comhaid chomhfhreagracha.

Obair leantach na Roinne nuair a léirítear go bhfuil móin á baint go neamhdhleathach

- 21.35** I gcásanna ina léiríonn íomhánna ón aer nó liostaí rabhadh gur dócha gur baineadh móin, dúirt an Roinn go ndéanann sí bearta forfheidhmithe, lena n-áirítear íocaíochtaí faoin scéim a chur ar fionraí go dtí go mbeidh imscrúdú déanta.¹⁴
- 21.36** Nuair a aithnítear go bhféadfadh tairbhí de chuid na scéime a bheith ag baint móna, téann an Roinn i dteagmháil leis an tairbhí. Chun leanúint d'íocaíochtaí cúitimh a fháil, ní mór don tairbhí dearbhú a thabhairt á rá nárbh é nó í an duine a bhain an mhóin ar an bportach. Ní dhéanann an Roinn aon seiceálacha eile chun an ráiteas sin a fhíorú. Ní raibh an Roinn in ann líon iomlán na ndearbhuithe a d'iarr sí nó a fuair sí a sholáthar.
- 21.37** D'iarr an fhoireann scrúdúcháin faisnéis faoi líon na gcásanna de bhaint mhóna neamhdhleathach a braitheadh tar éis cúiteamh a íoc. Dúirt an Roinn nach raibh an fhaisnéis sin ar fáil, ach go raibh athbhreithniú á dhéanamh uirthi faoi láthair d'fhonn teagmháil a dhéanamh le tairbhíthe má bhraitear cásanna de bhaint mhóna neamhdhleathach.

¹² Faoi Eanáir 2026, bhí 2,861 tairbhí LCS agus 521 tairbhí LON ann.


¹³ Go dtí 2018, rinne Óglaigh na hÉireann eitiltí aerfhaireachais. Déanann conraitheoirí uair sa bhliain iad anois, agus aerárthach sciatháin dhocht den chineál Cessna in úsáid acu. Bíonn gá le níos mó ná eitilt amháin sa bhliain ó am go chéile má gearradh móin ar láithreán sa bhliain sin nó má fhaightear tuairiscí go bhfuil móin á gearradh.

¹⁴ Is cion é leanúint de mhóin a bhaint ar phortaigh ainmnithe. Ar chiontú achomair, féadfar fineáil suas le €5,000 agus téarma príosúnachta suas le sé mhí a ghearradh. Ar chiontú ar díotáil, is iad na pionóis fineáil suas le €500,000 agus/nó téarma príosúnachta suas le trí bliana.

Cásanna de bhaint mhóna neamhdhleathach a braitheadh

- 21.38** Nuair a tugadh an scéim isteach ar dtús, tháinig laghdú 44% ar líon na gcásanna de bhaint mhóna a braitheadh ar LCSanna idir 2012 agus 2013 (féach Fíor 21.3). Tháinig méadú ar líon na gcásanna de bhaint mhóna a braitheadh ina dhiaidh sin, áfach, agus d'fhan sé ag leibhéal ní b'airde sna naoi mbliana ina dhiaidh sin. Tar éis íocaíocht chnapshuime a thabhairt isteach in 2024, tháinig méadú ar líon thairbhíthe na scéime agus laghdú beagnach 60% ar líon na gcásanna de bhaint mhóna neamhdhleathach a braitheadh idir 2023 agus 2025.
- 21.39** San iomlán, braitheadh baint mhóna ar 84 ceapach de chuid na scéime ar dheich LCS in 2025. Ní raibh ach trí shuíomh freagrach as formhór na gcásanna de bhaint mhóna neamhdhleathach a braitheadh in 2025. Bhí leibhéal ísle de bhaint mhóna neamhdhleathach ag seacht láithreán eile.

Fíor 21.3 Cásanna de bhaint mhóna a braitheadh ar LCSanna, 2012 go 2025



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is líon carnach é líon iomlán na dtairbhíthe. I gcásanna ina bhfaigheann tairbhí bás agus ina n-oidhrítear an ceart, faigheann an comharba an chuid eile den íocaíocht.

Caingean dlí


- 21.40** Dúirt an Roinn gur thionscain sí roinnt ionchúiseamh san am atá caite maidir le baint mhóna neamhdhleathach ar phortaigh faoi chosaint. Mar sin féin, nuair a iarradh uirthi líon na gcásanna a ndearnadh ionchúiseamh ina leith agus torthaí na n-ionchúiseamh sin a thabhairt, ní raibh an Roinn in ann an fhaisnéis bheacht a sholáthar de bharr nach raibh taifead lárnach ann, ach dúirt sí gur thionscain an SPNF cúig ionchúiseamh ar a laghad.
- 21.41** In 2025, d'éirigh leis an SPNF urghaire ón Ard-Chúirt a fháil i gcoinne conraitheoir bainte mhóna, lenar cuireadh cosc ar bhaint mhóna neamhdhleathach ar thrí LCS. Dúirt an Roinn nár baineadh móin ar na láithreáin sin ó deonaíodh an urghaire.

Caiteachas na scéime

21.42 Tá dhá rogha cúitimh ar fáil faoin scéim: baint móna a athlonnú chuig suíomh eile; nó cúiteamh bliantúil bunaithe ar íocaíochtaí as scor den bhaint móna.

21.43 Sa tréimhse ó 2011 go 2025, íocadh thart ar €84 milliún san iomlán mar chúiteamh le bainteoirí móna. Léirítear i Fíor 21.4 an caiteachas bliantúil ar chúiteamh, de réir an chineáil cúitimh, sa tréimhse ó 2011 go 2025. Chomh maith leis an gcúiteamh, caitheadh thart ar €8.5 milliún sa tréimhse ó 2012 go 2024 ar chostais a bhain leis an scéim, amhail ceannach talún, táillí dlí, seirbhísí pleanála agus íocaíochtaí le Bord na Móna.

Fíor 21.4 Cúiteamh agus líon na dtairbhíthe, 2011 go 2025^a



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tá an scéim aistríthe idir Vótaí le linn a ré, rud a léiríonn athruithe ar fhreagrachtaí na ranna i leith fheidhm na hoidhreacht.

b Ba é €45,000 an caiteachas ar chúiteamh in 2011.

Athlonnú na bainte móna

21.44 Leis an rogha athlonnaithe, is féidir le bainteoirí móna aistriú chuig láithreán neamhainmnithe ar leis an Roinn é. Deonaítear móinchearta ar an láithreán go dtí go mbainfear an mhóin ar fad. Le linn don Roinn a bheith ag aithint láithreáin, faigheann iarratasóirí íocaíocht chúitimh bhliantúil nó seachadadh bliantúil 15 thona móna.

21.45 Faoi dheireadh mhí Feabhra 2026, bhí 107 duine athlonnaithe chuig láithreáin de chuid na Roinne. Ina theannta sin, léirigh 190 duine spéis san athlonnú, ach dhiúltaigh siad do cheapach a tairgeadh dóibh nó ní raibh cheapach oiriúnach aitheanta ag an Roinn dóibh.

- 21.46** Thug an fhoireann scrúdúcháin cuairt ar láithreán athlonnaithe de chuid na Roinne i nGaillimh (féach Fíor 21.5). Tá 15 cheapach in úsáid ar an láithreán agus níl aon liosta feithimh ann do na ceithre cheapach eile. Ar an meán, tá gach cheapach 0.4 heicteár (acra amháin) ar mhéid. Ba é €629,000 costas iomlán an láithreáin don Roinn, arb ionann é agus meánchostas €42,000 in aghaidh an bhainteora móna. Tá na costais sin sa bhreis ar íocaíochtaí cúitimh eatramhacha agus/nó seachadtaí móna go dtí dáta an athlonnaithe. Measann an Roinn go mbeifear in ann móin a bhaint de na ceapacha ar feadh 60 bliain nó níos mó, ag brath ar an ráta bainte.

Fíor 21.5 Éadan gníomhach bainte móna agus draein ag láithreán athlonnaithe, Gaillimh



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Íocadh €500 in aghaidh an tairbhí freisin i leith comhairle dlí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sula síneofaí an comhaontú dlíthiúil leis an Aire. Íocadh é sin le gach tairbhí le linn shaolré na scéime.

Athbhreithniú ar chritéir na scéime

- 21.47** Faoin rogha atá bunaithe ar bhliantacht, íoctar €1,500 sa bhliain ar feadh 15 bliana, agus an méid sin innéacsaithe ón dáta scoir den bhaint móna is infheidhme. Íoctar €500 aonuaire freisin i leith comhairle dlí don iarratasóir maidir le comhaontú dlíthiúil a shíniú leis an Aire.¹⁵

- 21.48** In 2023, thug an Roinn athrú ar an scéim isteach. Faoin athrú sin, íocadh cnapshuim €23,600 le tairbhíthe nuair a tháinig siad isteach sa scéim, (arb ionann é sin agus 15 bliana d'íocaíochtaí bliantúla innéacsaithe).¹⁶ Léiríodh sna ríomhphoist a chuir an Roinn ar fáil gur aontaigh an lucht ardbhainistíochta leis an gcinneadh sin i bprionsabal, ach ní raibh fianaise ar fhorghnóthú foirmiúil ar fáil nuair a d'iarr an fhoireann scrúdúcháin í.
- 21.49** Cuireadh deireadh leis an gceanglas an critéar a chomhlíonadh maidir le scor den bhaint móna ón dáta scoir ab infheidhme do gach tráthchuid. D'fhág sé sin go bhféadfaí cúiteamh iomlán a íoc le bainteoirí móna a d'fhéadfadh a bheith tar éis leanúint de mhóin a bhaint ar phortaigh ainmnithe, a luaite a thug siad gealltanais go scoirfeadh siad den bhaint móna.
- 21.50** Rinneadh triail phiólótach ar an leasú sin ar chritéir na scéime ar phortach amháin agus, i mí Iúil 2024, leathnaíodh an cur chuige nua i leith íocaíochtaí chuig na portaigh ainmnithe uile. Dúirt an Roinn gurbh é cúis an athraithe daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa scéim d'fhonn an Treoir a chomhlíonadh. Chuir an Roinn costas na bhféineálacha féideartha ón Aontas Eorpach i gcomparáid le costas na n-íocaíochtaí cnapshuime. Ina theannta sin, dúirt an Roinn gur cuid riachtanach dá hoibleagáidí dlíthiúla é athchóiriú na bportach agus go raibh na híocaíochtaí cnapshuime ina mbealach, i ndáiríre, chun dea-thoil úinéir an láithreáin agus iontaobh an phobail a ghnóthú.
- 21.51** D'aithin an Roinn nach raibh an cur chuige sin cothrom agus go bhféadfadh sé an bonn a bhaint den scéim agus de scéimeanna eile dá samhail, ach chinn sí go raibh gá leis chun líon na n-iarratas a mhéadú, go háirithe i measc úinéirí portaigh a raibh drogall orthu dul isteach sa scéim roimh an athrú. Faoi dheireadh 2025, bhí thart ar 300 íocaíocht cnapshuime déanta ag an Roinn de thoradh an athraithe sin, ar chostas iomlán beagán os cionn €7 milliún. Dúirt an Roinn gur bhraith 85% de na tairbhíthe ar mhionnscribhinní mar fhianaise ar theideal dlíthiúil nó ar leas dlíthiúil.

Pleananna tacaíochta don todhchaí

- 21.52** Tá an Roinn ag smaoineamh ar chéim nua tacaíochta do thairbhíthe atá sa scéim cheana féin. Dúirt an Roinn go n-áireofar leis sin breithniú ar thacaíochtaí eile atá ar fáil, lena n-áirítear deontais fuinnimh tí arna riar ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Socrúithe idirchaidrimh

- 21.53** In 2024, chuir an Roinn socrú idirchaidrimh i bhfeidhm le húinéirí ceapaí chun gníomhú mar ghníomhaire don Roinn. Thug an Roinn le fios gurbh é cuspóir an tsocraithe go ndéanadh an gníomhaire an méid seo a leanas:
- gníomhú mar idirghabhálaí idir an Roinn agus iarratasóirí ionchasacha;
 - saíneolas ar cheisteanna áitiúla a chur ar fáil;
 - cabhrú le hiarratasóirí lena n-iarratais; agus
 - comhairle theicniúil a chur ar fáil d'fhoireann na Roinne i ndáil lena plé le conraitheoirí bainte móna.

¹⁶ Le linn shaolré na scéime, íocadh íocaíochtaí cnapshuime a bhain le blianta roimhe sin le tairbhíthe nuair a ghlac siad páirt sa scéim go déanach.

- 21.54** Síníodh conradh leis an ngníomhaire i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus síníodh comhaontú rúndachta i mí na Samhna 2024. Rinneadh an chéad íocaíocht as seirbhísí i mí na Nollag 2024. Bhain sí sin le hobair a rinneadh idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2024, sula raibh an conradh i bhfeidhm. Dúirt an Roinn gur cuireadh tús le plé foirmiúil maidir le socrú leis an gconraitheoir i mí Aibreáin 2024.
- 21.55** Bhí an conradh le dul in éag an 31 Nollaig 2024, ach bhí foráil ann síneadh aonuaire sé mhí a chur leis. Cuireadh síneadh ocht mí leis an gconradh ag deireadh 2024. Dúirt an Roinn gurbh é an chúis leis an síneadh níos faide ná chun dóthain ama a thabhairt chun déileáil leis an gcaibidlíocht leanúnach le húinéirí ceapach portaigh, a bhí ag céim chriticiúil.
- 21.56** Foráladh sa chonradh do tháille €105 san uair. Tuairiscíonn an Roinn gur íoc sí €129,015 san iomlán as beagnach 1,234 uair an chloig oibre. Chuir an Roinn in iúl don fhoireann scrúdúcháin nach raibh taifid ar theagmháil idir an gníomhaire agus bainteoír móna ar fáil toisc gur iarr an Roinn ar an ngníomhaire na taifid a scríosadh ar chúiseanna slándála sonraí. Dá bhrí sin, ní raibh an Roinn in ann dóthain fianaise a chur ar fáil chun bonn a chur faoi na híocaíochtaí leis an gconraitheoir.
- 21.57** Chuir an Roinn cóipeanna d'iontrálacha dialainne an chonraitheora féin do mhí na Bealtaine 2025 agus amlíne teagmhála ar fáil don fhoireann scrúdúcháin mar shampla den fhaisnéis tacaíochta a fuarthas chun na huaireanta ar íocadh astu a fhíorú.
- 21.58** Bhí an gníomhaire ina thairbhí den scéim freisin. Tháinig an gníomhaire isteach sa scéim tar éis na critéir incháilitheachta a mhaolú agus fuair sé íocaíocht chnapshuime i mí Iúil 2024. Bhí an conraitheoir ag obair don Roinn ag an am. Níor mheas an Roinn go raibh coinbhleacht leasa ann toisc nach raibh aon ról ag an gconraitheoir i measúnú incháilitheachta ná i gcinnteoireacht maidir le híocaíochtaí. Ina theannta sin, thug an Roinn le fios nach raibh an conradh leis an ngníomhaire i bhfeidhm nuair a rinneadh an íocaíocht chnapshuime.
- 21.59** Dúirt an Roinn gur chuir 392 iarratasóir nua isteach ar an scéim de thoradh sheirbhísí an ghníomhaire.¹⁷ Mar sin féin, ní raibh an Roinn in ann figiúr a thabhairt maidir le líon na n-iarratasóirí a bhí i dteagmháil leis an ngníomhaire agus ar glacadh isteach sa scéim leo ina dhiaidh sin.
- 21.60** Níor comhlíonadh na ceanglais soláthair phoiblí maidir leis an gconradh leis an ngníomhaire. Dúirt an Roinn gurbh é an chúis leis sin ná an gá le gníomhú go práinneach tar éis cás sáraithe na dtailte portaigh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais i mí an Mhárta 2024.

Cás sáraithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le tailte portaigh

- 21.61** Faoi Threoir an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar na Ballstáit cosaintí láidre a fhorfheidhmiú i gcoinne gníomhaíochtaí a dhéanann damáiste do LCSanna. In 2011, chuir an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) tús le himeachtaí i gcoinne na hÉireann mar nár fhorfheidhmigh sí cosaintí leordhóthanacha ar phortaigh ainmnithe i gcomhréir leis an Treoir. I mí an Mhárta 2024, chuir an Coimisiún an cás faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

¹⁷ As an 392 iarratas a chuireann an Roinn i leith obair an ghníomhaire, cuireadh 64 isteach in 2022 agus 2023. Níl gach iarratas a fuarthas formheasta go dtí seo.

21.62 Tá baol ann go ngearrfaidh an Chúirt pionóis airgeadais. D'eisigh an Roinn ráiteas an 13 Márta 2024 á rá go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ag Éirinn ó 2011 i gcaomhnú agus in athchóiriú tailte portaigh, rud a d'fhág gur tháinig laghdú foriomlán ar bhaint móna.

21.63 I mí an Mheithimh 2026, thug an tAbhcóide Ginearálta a tuairim sa chás, inar mhol sí go foirmiúil don Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh gur mhainnigh Éire go follasach agus go suntasach a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le portaigh ainmnithe a chosaint ar bhaint móna agus iad a athchóiriú.¹⁸ Táthar ag súil le cinneadh críochnaitheach ón gCúirt Bhreithiúnais go luath.

Tomhas feidhmíochta

21.64 Is í faisnéis feidhmíochta an modh lena bhféadtar measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá eagraíocht ag feidhmiú i gcomparáid lena haidhmeanna agus lena cuspóirí. Dúirt an Roinn gurb é líon na mbainteoirí móna incháilithe agus a fuair cúiteamh a príomhtháscaire feidhmíochta i leith na scéime.

21.65 Tá sprioc ardleibhéil amháin i Meastachán bliantúil Vóta 34, lena maoinítear an scéim, is é sin: "líon na n-íocaíochtaí a rinneadh chun oibriú i dtreo scor iomlán den bhaint móna ar láithreáin ainmnithe de phortaigh ardaithe ar LCSanna agus LONanna". Níl aon nasc soiléir idir an méadracht sin, atá dírithe ar ghníomhaíocht, agus aschur ná éifeachtacht na scéime.

21.66 Cé gurb iad íocaíochtaí cúitimh an phríomhshásra a chuirtear ar fáil faoin scéim chun scor den bhaint móna a spreagadh agus a éascú, ní gá go mbeadh comhghaol idir líon na n-íocaíochtaí a dhéantar agus a bheith scortha den bhaint móna. Sholáthródh méadrachtaí a bheadh dírithe níos mó ar thorthaí bonn níos fearr chun spriocanna a leagan síos agus chun tuairisciú ar fheidhmíocht, mar shampla céatadán de limistéar sprice na bportach ainmnithe ar a bhfuil deireadh tagtha le baint móna, nó an méadú céatadán ar chumhdach talún bogaigh.

Measúnú na Roinne ar éifeachtacht na scéime

21.67 Tá an scéim ceaptha chun cúiteamh a thabhairt do bhainteoirí móna agus ar chuir na srianta ar bhaint móna ar phortaigh ainmnithe, a eascraíonn as an Treoir, isteach orthu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé mídhleathach móin a bhaint ar phortaigh ainmnithe gan toiliú ón údarás reachtúil ábhartha, cibé acu a bhaineann úinéir ceapach portaigh leas as an scéim nó nach mbaineann.

21.68 In 2003, choimisiúnaigh an Roinn tionscadal chun tionchar na bainte móna ar na portaigh ardaithe ainmnithe go léir a mheas. Tugadh faoi deara sa tuarascáil a d'eascair as sin go raibh móin á baint le haghaidh úsáid teaghlaigh ar 117 de na 139 portach ainmnithe.¹⁹ Tugadh faoi deara inti go raibh móin á baint ar 77% de na portaigh in LCSanna agus ar 91% de na portaigh in LONanna.

21.69 In 2023, choimisiúnaigh an Roinn tuarascáil, a d'ullmhaigh Bord na Móna, inar measúnaíodh an laghdú ar bhaint móna ar 27 LCS ó cuireadh tús leis an scéim. I mí Mheán Fómhair 2025, tháinig Bord na Móna ar an gconclúid gur cosúil go raibh ról ag an scéim maidir le srian a chur ar ghníomhaíochtaí bainte móna, mar is léir ón laghdú géar ar rátaí bainte móna.²⁰

¹⁸ Is comhairleoir dlí neamhspleách don Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é an tAbhcóide Ginearálta. Níl tuairim an Abhcóide Ghinearálta ceangailteach ar an gCúirt Bhreithiúnais.

¹⁹ Measúnú ar thionchar na bainte móna ar phortaigh ardaithe ainmnithe. Tuarascáil achomair, Márta 2006.

²⁰ Cur chun feidhme an Chláir um Athchóiriú Portach Ardaithe faoi Chosaint i Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna) agus i Limistéir Oidhreachtá Nádurtha (LONanna) de phortaigh ardaithe. Tuarascáil Achomair ar Bhaint Móna ar LCSanna, Bord na Móna, Meán Fómhair 2025.

- 21.70** Dúirt an Roinn gur cúitíodh formhór na mbainteoirí incháilithe faoin scéim agus gur baineadh amach a príomhchuspóir dá réir sin, bunaithe ar mheasúnú ar líon iomlán na láithreán a léiríonn fianaise go bhfuil móin á baint orthu faoi láthair agus ar líon iomlán thairbhíthe na scéime.²¹

Spríoc chaomhnaithe do phortaigh ardaithe ghníomhacha

- 21.71** Is í an spríoc chaomhnaithe náisiúnta is déanaí do phortaigh ardaithe ghníomhacha in Éirinn ná 3,600 heicteár san iomlán de ghnáthóg atá ag cruthú móna go gníomhach a athchóiriú agus a chothabháil laistigh de líonra LCSanna agus LONanna (féach an sampla cás-staidéir i Fíor 21.6).²² Chun an spríoc sin a bhaint amach, ní mór scor den bhaint móna ar phortaigh ainmnithe agus na hoibreacha athchóirithe gaolmhara a dhéanamh.

- 21.72** Ceanglaítear le hAirteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga ar na Ballstáit tuarascáil a ullmhú gach sé bliana ina gcuimsítear measúnú ar bhearta caomhnaithe i leith gnáthóga agus speicis faoi chosaint. Léirítear sa tuarascáil is déanaí (do 2025) go bhfuil staid na bportach ardaithe gníomhach go holc ar an iomlán, ach tugtar faoi deara inti gur tháinig méadú 7% ar phortaigh ardaithe ghníomhacha in Éirinn idir 2018 agus 2024, an chéad athrú dearfach ó cuireadh tús leis na measúnuithe in 2007. Mar sin féin, níor leigheas athchóiriú na dtailte portaigh an damáiste a rinneadh san am atá caite go fóill.

²¹ Bhunaigh an Roinn a measúnú ar mheastachán ar 2,720 bainteoir móna, a tháinig ó thuarascáil mheasúnaithe 2006 ar thionchair na bainté móna ar phortaigh ardaithe ainmnithe.

- 21.73** Meastar sa tuarascáil go bhfuil 1,853 heicteár de phortach ardaithe gníomhach ann faoi láthair (51% den spríoc). Is spríoc náisiúnta chaomhnaithe fhadtéarmach í an spríoc sin agus níl dáta socraithe chun í a bhaint amach. Dúirt an Roinn go meastar, tar éis oibreacha athchóirithe ar phortach ardaithe, go dtógfaidh sé

- 12 go 18 mbliana ar phortach ardaithe gníomhach teacht chuige féin, agus
- níos mó ná 30 bliain ar limistéir ar baineadh móin teacht chucu féin.

²² [An Plean Bainistíochta Náisiúnta do Limistéir Caomhantais Speisialta Portach Ardaithe, 2017 – 2022.](#)

Fíor 21.6 Cás-staidéar — portach Cheathrú na gCapall, Contae na Gaillimhe

Cuireadh an t-athchóiriú i gcrích ar “phortach beo” Cheathrú na gCapall in 2019. Tá cuid de forbartha mar láithreán áise, agus béim ar oideachas agus ar chaitheamh aimsire. Freastalaíonn Ionad Phortach Beo na Gaillimhe go príomha ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna in Éirinn agus thar lear. In 2025, thug 30 scoil cuairt ar an ionad agus ar an bportach agus, in 2026, táthar ag súil go dtabharfaidh 42 scoil, le 1,500 dalta san iomlán, cuairt orthu. Úsáidtear an limistéar mar áis phobail freisin, agus tá roinnt bóithre, cosán agus clárchosán ar fud an phortaigh.

Ba é conclúid na tuarascála deiridh ar an láithreán sin, a foilsíodh in 2022, gur tháinig méadú suntasach ar an gcuid den phortach ardaithe gníomhach ar an láithreán sin laistigh d’achar an-ghearr tar éis an athchóirithe.



Líon thairbhithe na scéime: 110



Cúiteamh a íocadh faoin scéim: €1,614,000



Costas an athchóirithe go dtí seo: €298,000

Clárchosán i gCeathrú na gCapall



Caonach agus dambaí móna i ndraein



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

Conclúidí agus moltaí

- 21.74** Le Treoir 1992 maidir le Gnáthóga (an Treoir), tugadh isteach srianta ar bhaint móna ar phortaigh ardaithe áirithe in LCSanna ainmnithe. Ó shin i leith, bhí moilleanna suntasacha ar chur chun feidhme na Treorach, lena n-áirítear moill beagnach trí bliana ar an Treoir a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta agus maolú a dheonú ar na srianta sa Treoir, lena n-áirítear ceadaíodh leanúint de bhaint móna ar phortaigh ainmnithe áirithe go dtí 2009.
- 21.75** In 2011, chuir an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) tús le himeachtaí dlí toisc gur mheas sé nár leor na bearta a rinne Éire chun ceanglais na Treorach a chomhlíonadh. Chuir an Coimisiún cás i gcoinne na hÉireann faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí an Mhárta 2024, agus táthar anois ag feitheamh le breithiúnas sa chás.
- 21.76** Chuir an Roinn tús leis an scéim cúitimh as scor den bhaint móna in 2011 agus shonraigh sí dátaí chun scor den bhaint móna ar phortaigh ardaithe spriocdhírthe i dtír chéim. Tá sé mar aidhm leis an scéim cúiteamh a thabhairt ar feadh 15 bliana do bhainteoirí móna ar chuir na srianta ar bhaint móna isteach orthu. D'fhógair an Roinn in 2024 go raibh deireadh le hiarratais ar an scéim, ach lean sí le hiarratais a ghlacadh go dtí mí an Mheithimh 2025.
- 21.77** D'ainneoin chur chun feidhme na scéime cúitimh, lean an Roinn de líon ard cásanna ina raibh móin á baint ar LCSanna a aithint gach bliain go dtí 2022 agus an bhliain sin san áireamh. Ó shin i leith, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na gcásanna a bhraitear gach bliain. Tharla sé sin i gcomhthráth le tabhairt isteach pacáiste cúitimh athbhreithnithe ina raibh íocaíocht shuntasach tosaigh.
- 21.78** Ba é 17,995 heicteár achar iomlán na bportach ardaithe a ainmníodh le haghaidh cosanta ar fud 214 portach ar leith in LCSanna agus LONanna. Bunaithe ar shuirbhéanna agus ar anailís ón aer, measann an Roinn gur scoireadh den bhaint móna ar 85% de limistéar spriocdhírthe na bportach ardaithe in LCSanna.

Incháilitheacht agus cúiteamh faoin scéim

- 21.79** Bhain thart ar 3,300 éilitheoir leas as an scéim idir 2011 agus 2025 agus fuair siad cúiteamh, go príomha i bhfoirm íocaíochtaí cúitimh bliantúla. Athlonnaíodh roinnt éilitheoirí chuig ceapacha eile portaigh lasmuigh de LCSanna agus LONanna. Mar sin féin, d'ainneoin an choisc reachtúil, leanadh de bhaint móna ar go leor de na portaigh ainmnithe. D'fhéadfadh sé go raibh móin á baint ag roinnt daoine a bhí ag fáil cúitimh, chomh maith le húinéirí ceart bainte móna nár chuir isteach ar an scéim.
- 21.80** In 2023, thug an Roinn íocaíocht chnapshuime €23,600 isteach ar phortach amháin, ar bhonn ceapach ar leith. Bhí an méid bunaithe ar luach comhiomlán na n-íocaíochtaí faoin scéim dá mbeadh deireadh curtha leis an mbaint móna ar an dáta a sonraíodh don chéim ábhartha. In 2024, tugadh an rogha íocaíochta sin isteach ar gach portach. Mar gheall ar an athrú sin ar incháilitheacht faoin scéim, níorbh fhéidir ceann de phríomhchritéir bhunaigh na scéime — scor den bhaint móna tar éis an dáta sonraithe — a chur i bhfeidhm. Bhí daoine a lean orthu ag baint móna tar éis an dáta scoir incháilithe don íocaíocht a luaith a thug siad gealltanas go stopfaidís den bhaint móna.

21.81 D'aithin an Roinn go raibh an cur chuige sin éagothrom agus go bhféadfadh sé an scéim agus scéimeanna eile dá samhail a lagú. Is cosúil gurbh é cás sáraithe an Aontais Eorpaigh maidir le portaigh mhóna, seachas cur chuige straitéiseach comhordaithe fadtéarmach, ba mhó ba chúis le tabhairt isteach na scéime agus leis na leasuithe a rinneadh uirthi, amhail tabhairt isteach na híocaíochta cnapshuime do dhaoine a bhí fós ag baint móna i mí Iúil 2024. Tugtar breac-chuntas i Fíor 21.7 ar na príomhimeachtaí in imeachtaí an Choimisiúin agus ar na freagairtí ábhartha.


Incháilitheacht a fhíorú

21.82 De réir chritéir na scéime, ní mór go raibh leas dlíthiúil, úinéireacht nó ceart móna ag iarratasóir i gceann de na portaigh ainmnithe amhail an 25 Bealtaine 2010. Glacfaidh an Roinn le roinnt cineálacha fianaise chun leas dlíthiúil nó úinéireacht iarratasóra a léiriú, amhail taifid Chlárlann na Talún nó comhaontuithe Choimisiún na Talún.

21.83 I gcás nach féidir leis an iarratasóir cruthúnas díreach ar theideal a sholáthar trí fhianaise dhoiciméadach, ní mór don iarratasóir mionnscribhinn a shíniú á dheimhniú go bhfuil leas dlíthiúil nó móincheart aige nó aici i leith an phortaigh.

21.84 Ar an iomlán, bhraith 43% de thairbhith na scéime ar mhionnscribhinn chun dul isteach sa scéim. Cé go bhfuil sé tábhachtach rochtain ar chúiteamh a éascú agus tacú léi ar an gcaoi sin, ní mór é sin a chothromú leis an ngá le fianaise gur comhlíonadh critéir na scéime.

Fíor 21.7 Príomhimeachtaí agus leasuithe de réir bliana i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, 1992 – 2026



Foinse: An Coimisiún Eorpach; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nóta:
- a Ceanglaíodh ar na Ballstáit an Treoir a thrasú sa dlí náisiúnta faoi mhí an Mheithimh 1994.
 - b Tá an scéim ar cheann de roinnt beart a rinne an Roinn chun tacú le comhlíonadh na Treorach. I measc na mbeart eile tá tionscadail athchóirithe agus ceannach talún.

Scor den bhaint móna a fhíorú

- 21.85** Ceann de phríomhchritéir na scéime nach mór do gach tairbhí cloí leis ná scor go buan den bhaint móna. Scrúdaíodh sampla de 30 íocaíocht chúitimh mar chuid den scrúdú. As an 30 íocaíocht a scrúdaíodh, ní raibh aon fhianaise i seacht gcinn de na comhaid go ndearnadh seiceálacha lena chinntiú go raibh deireadh curtha leis an mbaint móna agus nár tosaíodh uirthi arís ina dhiaidh sin.
- 21.86** Tá sé ráite ag an Roinn, nuair a thagann comharthaí de bhaint mhídhleathach móna ar láithreán ainmnithe a bhaineann le tairbhí scéime chun solais, go dtéann sí i dteagmháil le húinéir na ceapóige portaigh lena mbaineann. A luaithe a sholáthraíonn úinéir na ceapóige portaigh dearbhú á dheimhniú nach é nó í a bhain an mhóin ar an gceapach agus go ndearnadh an bhaint gan toiliú thairbhí na scéime, measfaidh an Roinn go bhfuil an t-ábhar dúnta agus ní dhéanfaidh sí aon seiceálacha ná imscrúduithe breise chun an ráiteas sin a fhíorú.

- 21.87** Faoi Treoir maidir le Gnáthóga, aicmítear portaigh ardaithe laistigh de LCSanna mar ghnáthóga tosaíochta, agus ainmnítear LONanna faoi Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000. De bharr na difríochta idir na hainmniúcháin, tugann an Roinn tús áite do LCSanna ina cuid gníomhaíochta comhlíonta. Tá baint móna laistigh de LCSanna agus LONanna mídhleathach gan toiliú sainráite ón údarás reachtúil ábhartha. I gcás portaigh LON, ní thiomsaítear liostaí rabhadh agus níl staitisticí ar chásanna de bhaint mhídhleathach móna ar fáil.

Moladh 21.1

Ba cheart don Roinn seiceálacha agus imscrúduithe níos cuimsithí a dhéanamh agus bearta forfheidhmiúcháin níos láidre a ghlacadh nuair a aithnítear comharthaí de bhaint mhídhleathach móna, lena chinntiú go gcuirfear deireadh leis an mbaint mhídhleathach móna ar gach portach atá ainmnithe faoi dlí.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Creideann an Roinn gur éirigh léi stop a chur le baint mhídhleathach móna ar phortaigh ardaithe trí thabhairt isteach na scéime, trí bheith ag plé le páirtithe leasmhara agus trí bhearta eile forfheidhmiúcháin agus comhlíonta. Mar sin féin, chun leanúint d'oibleagáidí dlíthiúla an Stáit faoi Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar an gcás sáraithe maidir le tailte portaigh, tá plean gníomhaíochta á fhorbairt na leagfar amach bearta breise chun comhlíonadh iomlán leanúnach na Treorach a chinntiú, agus déanfar tuilleadh machnaimh ann ar an mbeartas forfheidhmiúcháin i leith portaigh faoi chosaint.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Nollaig 2026.

Cuspóirí agus torthaí na scéime

- 21.88** Is é príomhchuspóir na scéime deireadh a chur le baint móna ar phortaigh faoi chosaint ionas go gcomhlíonfar oibleagáidí dlíthiúla an Stáit maidir le ceanglais na Treorach a chomhlíonadh.
- 21.89** Nuair a tugadh an scéim isteach den chéad uair, tháinig laghdú 44% ar na cásanna de bhaint móna a braitheadh ar phortaigh ainmnithe LCS idir 2012 agus 2013. Mar sin féin, ní raibh aon dul chun cinn eile le sonrú ar feadh naoi mbliana: níor tháinig aon laghdú ar an leibhéal de bhaint mhídhleathach móna a braitheadh. Tar éis an íocaíocht chnapshuime a thabhairt isteach in 2023, tháinig méadú ar líon thairbhíthe na scéime agus laghdú beagnach 60% ar na cásanna de bhaint mhídhleathach móna a braitheadh idir 2023 agus 2025.

Tomhas feidhmíochta

- 21.90** Ní fhoilsíonn an Roinn ach táscaire feidhmíochta amháin i leith na scéime, is é sin, 'líon na n-íocaíochtaí a rinneadh chun oibriú i dtreo deireadh iomlán a chur le baint móna ar láithreáin portach ardaithe ainmnithe LCS agus LON'.
- 21.91** Mar sin féin, díríonn an mhéadracht sin ar ghníomhaíochtaí agus ní thugann sí léargas ná measúnú ar an gcaoi a bhfuil an scéim ag cur le comhlíonadh cheanglais na Treorach. Chuirfeadh méadracht a dhíríonn ar thorthaí ar chumas na Roinne éifeachtacht na scéime a mheas ar bhealach níos fearr.

Moladh 21.2

Ba cheart don Roinn a chinntiú go mbeidh dearadh aon scéimeanna nua a dhíríonn ar chosaint, caomhnú nó athchóiriú an chomhshaoil bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar thorthaí agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ón scéim seo, agus go mbeidh méadracht acu a bhaineann le torthaí éiceolaíocha intomhaiste.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an scéim nuair a bheidh sí críochnaithe. Déanfar measúnú sa tuarascáil seo ar éifeachtacht na scéime agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh. Cuirfear na ceachtanna sin san áireamh in aon scéimeanna nua um athchóiriú an dúlra, agus beidh príomhtháscairí feidhmíochta iontu a dhíreoidh ar thorthaí.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Nollaig 2027.

Ró-íocaíochtaí féin-deimhnithe

- 21.92** I mí na Nollag 2011, chinn an Roinn íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh le hiarratasóirí sula mbeadh an fóirí iomlán déanta, chun dlús a chur leis na híocaíochtaí. Tar éis athbhreithniú siarghabhálach ar na critéir, rinneadh teagmháil le 33 tairbhí nár chomhlíon critéir na scéime maidir leis na ró-íocaíochtaí a aisghabháil. As an €75,800 a íocadh san iomlán, aisghabhadh €6,800. Go déanach in 2018, chinn an Roinn gan an €69,000 eile de ró-íocaíochtaí a aisghabháil mar gheall ar an tréimhse ama a bhí caite, na hacmhainní suntasacha a bheadh ag teastáil chun iad a aisghabháil agus an dóchúlacht íseal go n-éireodh leis an aisghabháil.
- 21.93** Níor dhíscríobh an Roinn na ró-íocaíochtaí go foirmiúil fós, cé go bhfuil togra maidir le díscríobh ullmhaithe.

Moladh 21.3

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta agus iad a neartú chun a chinntiú go ndéanfar iarracht leordhóthanach ró-íocaíochtaí a aisghabháil go tráthúil. I gcásanna ina meastar gur cuí díscríobh a dhéanamh, ba cheart é a cheadú agus a nochtadh de réir cheanglais *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Aithníonn an Roinn a thábhachtaí atá sé a chinntiú go n-aithnítear, go n-aisghabhtar agus go mbainistítear ró-íocaíochtaí go tráthúil agus de réir cheanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*. Déanfaidh an Roinn na bearta is gá go luath in 2027 chun díscríobh foirmiúil na n-iarmhéideanna gan íoc a chur i gcrích de réir na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*, lena n-áirítear na ceaduithe riachtanacha a fháil agus nochtadh iomchuí a chinntiú. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú freisin ar na nósanna imeachta atá ann cheana chun a chinntiú go leanfaidh socruithe iomchuí de bheith i bhfeidhm chun ró-íocaíochtaí a aithint, a aisghabháil, a cheadú agus a thuairisciú.


Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Márta 2027.

Gníomhaire ar conradh


- 21.94** In 2024, d'fhostaigh an Roinn úinéir ceapaí portaigh chun leas a bhaint as saineolas agus líonraí an duine sin d'fhonn líon na n-iarratasóirí ar an scéim a mhéadú. Íocadh beagnach €130,000 leis an ngníomhaire as seirbhísí a cuireadh ar fáil idir mí Aibreáin 2024 agus mí Lúnasa 2025. Ní dhearnadh soláthar iomaíoch i leith na seirbhísí.
- 21.95** Tá an fhianaise atá ar fáil chun tacú le hobair an ghníomhaire agus chun í a fhíorú teoranta. Tá sé ráite ag an Roinn gur iarr sí ar an ngníomhaire fáil réidh leis na taifid a bhain leis an obair ar chúiseanna slándála sonraí.
- 21.96** Ina theannta sin, bhí an gníomhaire ina thairbhí den íocaíocht chnapshuime faoin scéim agus é nó í ag obair don Roinn. Ní mheasann an Roinn gur tháinig aon choinbhleacht leasa chun cinn de bharr an chonartha.

Iarscríbhinn 21A Suíomh na LCSanna agus na LONanna atá sa scéim



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Iarscríbhinn 21B Príomh-gharspriocanna na scéime



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a Is conradh domhanda é sin ar thángthas ar chomhaontú ina leith ag Cruinniú Mullaigh na Cruinne. Tá Éire ina sínitheoir leis.
- b Leis sin, bhí baintoirí móna in ann a gcuid talún nó a gcearta a dhíol leis an Roinn ar rátaí comhaontaithe. Méadaíodh na rátaí in 2004. Dúnadh an scéim d'íarratasóirí nua i mí na Bealtaine 2010.
- c In 2010, mhol an grúpa oibre bogadh i dtreo scéim náisiúnta um scor den bhaint móna agus cúiteamh. In 2010 freisin, tugadh scéim íocaíochtaí eatramhacha isteach mar bheart éigeandála. Caitheadh €177,000 ar an scéim.
- d Cuireadh tabhairt isteach na híocaíochta cnapshuime aonuaire i bhfeidhm ar bhonn píolótach ar phortach amháin in 2023 agus leathnaíodh í chuig portaigh eile in 2024.

Iarscríbhinn 21C Critéir na scéime agus foinsí fíorúcháin

Critéir	Foinsí fíorúcháin na Roinne
1. Ní mór don iarratasóir leas dlíthiúil nó úinéireacht , nó móincheart, a bheith aige nó aici i gceann de na 31 Limistéar Caomhantais Speisialta (LCSanna) ar phortaigh ardaithe an 25 Bealtaine 2010, agus ní mór go raibh sé de cheart aige nó aici móin a bhaint agus a thabhairt ón maoin sin ar an dáta sin.	- Seiceáiltear fóilió agus léarscáil Chlárlann na Talún i gcoinne thaifid Thailte Éireann. - Comhaontú C3 de chuid Choimisiún Talún na hÉireann.^a - Deimhniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go bhfuil comhaontú C3 ann. - Deimhniú ó Bhord na Móna i gcás gur leithdháil sé an cheapach/ceart. - Léarscáileanna an Phríomh-Bhoird lascaigh. - Deimhniú báis agus deonú probháide i gcásanna oidhreachta. - Mionnscríbhinn sínithe ag an iarratasóir.
2. Bhí an t-iarratasóir ag baint móna ar na tailte sin le haghaidh úsáid tí le linn na tréimhse incháilitheachta cúig bliana. ^{b,c}	- Uirlis léarscáilithe GIS ‘Bogsvviewer’. - Measúnú ag Oifigeach Caomhantais Ceantair Portaigh Mhóna — ón deasc nó ar an láthair. - Measúnú ar bhaint móna ó Bhord na Móna.
3. Ní dhearnadh móin a bhaint ná aon ghníomhaíocht ghaolmhar ar an maoin ó dháta scoir na scéime i leith , agus níl an móincheart/acmhainn mhóna ídithe. ^d	- Uirlis léarscáilithe GIS ‘Bogsvviewer’. - Liostaí rabhadh. - Léarscáiliú Bhord na Móna.

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Is Conradh ceannaigh caighdeánach de chuid Choimisiún Talún na hÉireann é comhaontú C3 a úsáidtear le haghaidh ceapacha móna nó dáileacht bheag portaigh, agus ina leagtar amach téarmaí agus coinníollacha. Tar éis lánscore Choimisiún na Talún, aistríodh na feidhmeanna agus na taifid a bhí fágtha aige chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
 - b Ós rud é gur tugadh srianta isteach ag amanna éagsúla, tá trí thréimhse incháilitheachta ann: 31 LCS — ó mhí na Bealtaine 2005 go mí na Bealtaine 2010; 24 LCS — ó 2007 go 2011; agus LONanna — ó 2009 go 2013, mar aon le maolú trí bliana bunaithe ar thoilíú aonair arna thabhairt ag an Aire chun leanúint den bhaint móna.
 - c Má aistríonn iarratasóir ón scéim dheonach chun portaigh a cheannach, ní gá dó nó di móin a bheith bainte aige nó aici le linn thréimhse incháilitheachta na scéime; beidh sé nó sí incháilithe a luaithe a chomhlíonfaidh sé nó sí na critéir incháilitheachta eile.
 - d Baineadh an ceanglas an critéar sin a chomhlíonadh i gcás portach amháin in 2023 agus i gcás gach portaigh i mí Iúil 2024.